# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012**

# STAIR – ARDLEIBHÉAL

**RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS LUATH, 1492-1815**

**An Scrúdú scríofa: 400 marc**
**An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

**DÉ CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH, TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50**

***Treoracha d'iarrthóirí:***

Tabhair faoi na Ranna 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair dhá cheist, ceann amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.

- **Roinn 3 (100 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
**Creideamh agus cumhacht: polaitíocht sa séú haois déag déanach, 1567-1609**

An cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***Meathlú chalafort Antuairp***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) Cé air a bhfuil an milleán faoin anó mór atá ar an Ísiltír, dar le doiciméad A?

   (b) Conas is féidir an trádáil agus an rachmas a thabhairt ar ais, dar le doiciméad A?

   (c) Cad iad na cánacha a bhfuil baol ann go scriosfaidh siad an Ísiltír, dar le doiciméad B?

   (d) Cad iad na grúpaí a ndearna creach Antuairp dochar dóibh, dar le doiciméad B?

   (20)

2. (a) An bhfuil na doiciméid A agus B ar aon fhocal faoi ról Rí na Spáinne san Ísiltír? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

   (b) An bhfuil na doiciméid A agus B ar aon fhocal faoi ról na saighdiúirí Spáinneacha san Ísiltír? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

   (20)

3. (a) Cé acu doiciméad, A nó B, a thugann an léargas is luachmhaire ar an trádáil agus ar an rachmas san Ísiltír? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

   (b) Cé chomh maith agus a éiríonn leis an dá dhoiciméad mothú aontachta a léiriú ina measc siúd a bhí i gcoinne riail na Spáinne? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

   (20)

4. Cad iad na tosca in Antuairp agus níos faide ón láthair a raibh meathlú chalafort Antuairp mar thoradh orthu, 1567-1609?

   (40)

**- Doiciméad A –**

**Is sliocht leasaithe é seo a leanas as Síothú Ghent, conradh síochána a síníodh ceithre lá i ndiaidh chreach Antuairp, 8 Samhain 1576.**

Tá an-bhuairt agus an-anó tite ar stáit seo na hÍsiltíre mar gheall ar chogadh cathartha, ar rialtas dian uaibhreach, ar cheanndánacht, ar robálacha agus ar chlampair eile a tharraing na Spáinnigh agus a lucht tacaíochta le a naoi nó a deich de bhlianta anuas.

In ionad an fhaoisimh agus na trócaire a raibh súil againn leo óna Mhórgacht, lean na Spáinnigh de bheith ag cloí agus ag scriosadh na ngéillsineach bocht in aghaidh an lae. D'éirigh na saighdiúirí Spáinneacha amach cúpla uair, rinne siad bagairt ar thiarnaí agus ar bhailte móra agus ghlac siad seilbh ar mhórán áiteanna le láimh láidir, á robáil agus á ndó go talamh.

Chun léirscrios iomlán a sheachaint, tháinig áitritheoirí na hÍsiltíre seo ar fad le chéile i gcumann buan síochána chun an ruaig a chur ar na Spáinnigh agus ar a lucht tacaíochta le chéile, sa chaoi go dtabharfaí ar ais dóibh na seanphribhléidí, na nósanna agus an tsaoirse a bhíodh acu trína bhféadfadh an trádáil agus an rachmas filleadh anois.

Dréachtaíodh an conradh seo idir na prealáidí, na huaisle, na bailte agus na stáit.

(Foinse: E. H. Kossman agus A. F. Mellink, *Texts concerning the Revolt of the Netherlands*, Cambridge University Press, 1974.)

**- Doiciméad B –**

**Ar 26 Iúil 1581 dhiúltaigh Eastáit Ghinearálta Chúigí Aontaithe na dTíortha faoi Thoinn do fhlaitheas Philib II in Acht an tSéanta, 1581. Déileálann an sliocht leasaithe seo as Acht an tSéanta le cuid de na héagóracha a rinneadh.**

Bhí míchlú ar Dhiúc Alva mar gheall ar chomh dian agus chomh fíor-chruálach agus a bhí sé. Bhí sé ar dhuine de na naimhde ba mhó a bhí ag na Stáit seo. D'athraigh sé an córas rialtais agus an córas dlí i mórán áiteanna agus sna príomhchathracha, ag sárú phribhléidí na tíre go díreach. Rinne sé iarracht, le láimh láidir, cáin deich faoin gcéad a ghearradh ar dhíolachán earraí agus déantúsaíochta de gach sórt, in ainneoin mórán agóidí ó na cúigí ina gceann agus ina gceann agus uathu ar fad le chéile mar go raibh an baol ann go ndéanfaí an tír a scriosadh go hiomlán, tír a raibh a leas agus a rachmas ag brath ar an trádáil agus ar an déantúsaíocht den chuid is mó.

D'ionsaigh na saighdiúirí Spáinneacha cathair Antuairp agus rinne siad a mbealach isteach inti le láimh láidir, ag scriosadh, ag réabadh, ag loscadh agus ag marú. Rinne siad an oiread dochair agus a d'fhéadfadh na naimhde ba bharbartha agus ba chruálaí a bhí ag an stát a dhéanamh. Rinne siad dochar nach féidir cur síos air, ní hamháin dóibh siúd a bhí ina gcónaí san áit ach freisin do náisiúin an domhain ar fad nach mór a raibh a gcuid earraí, a n-oibleagáidí creidmheasa agus a gcuid airgid acu ann.

Dearbhaímid leis seo go bhfuilimid tar éis a chinneadh gan aitheantas a thabhairt do Rí na Spáinne in aon ábhar a bhaineann leis an Ísiltír.

(Foinse: Herbert H. Rowen, *The Low Countries in early modern times: selected documents*, Londain: Macmillan, 1972.)

## ROINN 2: ÉIRE

**Freagair dhá cheist, ceann amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.**

*Éire: Topaic 1*

### Leasú agus Reifirméisean in Éirinn Thúdarach, 1494-1558

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a lagaíodh agus a scriosadh cumhacht Theaghlach Chill Dara, 1494-1540? (100)
2. Cad iad na téarmaí a bhain leis an bpolasaí Géilleadh agus Athbhronnadh agus cad iad na hiarmhairtí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a bhí aige? (100)
3. Cén fáth a raibh plandáil i Laois agus in Uíbh Fhailí agus conas a cuireadh na pleananna i bhfeidhm? (100)
4. Cad iad na polasaithe reiligiúnacha a tugadh isteach in Éirinn le linn réimeas Anraí VIII agus Éadbhard VI agus cé chomh maith agus a d'éirigh leo? (100)

*Éire: Topaic 2*

### Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558-1603

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh maith agus a d'éirigh le hEilís I agus lena fir ionaid dul i ngleic leis an mbagairt ó Shéan Ó Néill? (100)

2 Conas a d'athraigh Baile Átha Cliath agus an Pháil le linn réimeas Eilís I? (100)

3. Cén ról a d'imir Meiler Magrath in Éirinn in aimsir Eilíse? (100)

4 Cé chomh mór agus a leathnaíodh cumhacht Shasana in Éirinn i réimeas Eilís I? (100)

*Éire: Topaic 3*

### An ríocht in aghaidh na coilíneachta – an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na polasaithe reiligiúnacha a thug Séamas I isteach in Éirinn? (100)
2. Cén tionchar a bhí ag Buckingham agus/nó ag Strafford ar Éirinn? (100)
3. Cad iad na nithe ba chúis le héirí amach 1641 agus cé chomh maith agus a léiríonn teistíochtaí 1641 staid na hÉireann ag an am sin? (100)
4. Cé chomh tábhachtach agus a bhí Lováin agus na Ceithre Máistrí i gcaomhnú agus i gcur chun cinn chultúr agus stair na nGael? (100)

*Éire Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór agus a tháinig rath an athuair ar Chaitlicigh in Éirinn de bharr Acht an tSocraithe agus Acht an Mhínithe? (100)
2. Cad iad na grúpaí in Éirinn a thacaigh le Séamas II agus le Liam III i gCogadh an Dá Rí agus cad iad na cúiseanna a bhí leis an tacaíocht sin? (100)
3. Conas a d'fhorbair Baile Átha Cliath le linn na tréimhse 1660-1715? (100)
4. Conas a chuir an tAcht Comhéigin agus an tAcht Loingseoireachta srian ar an trádáil agus cén tionchar a bhí acu ar gheilleagar na hÉireann? (100)

*Éire: Topaic 5*

**An choilíneacht in aghaidh na ríochta – teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-70**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a d'éirigh le muintir Ponsonby tionchar a bheith acu in Éirinn? (100)
2. Cad iad na cúiseanna imní ag bhí ag an Déan Swift ina chuid paimfléadaíochta? (100)
3. Cad a d'fhoghlaim tú faoi shaol na tuaithe in Éirinn ón staidéar a rinne tú ar thiarnaí talún, athmháistrí, coiteoirí agus oibrithe? (100)
4. Cé chomh héifeachtach agus a bhí Séarlas Ó Conchubhair agus Coiste na gCaitliceach ag fáil faoisimh do Chaitlicigh in Éirinn? (100)

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Céard a d'fhoghlaim tú faoi shaol na mban in Éirinn ón staidéar a rinne tú ar dhuine amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Mary Anne McCracken; Nano Nagle; Eibhlín Dubh Ní Chonaill? (100)
2. Cé chomh mór agus a léirigh Éirí Amach 1798 i Loch Garman aidhmeanna agus tuairimí na nÉireannach Aontaithe? (100)
3. Cad iad na príomhchúiseanna ar tháinig Béal Feirste chun cinn, 1770-1815? (100)
4. Conas a d'athraigh an ailtireacht Sheoirseach Baile Átha Cliath agus/nó láithreacha uirbeacha eile in Éirinn, 1770-1815? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

**Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
### An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na haidhmeanna ba thábhachtaí a bhí ag Séarlas V agus cé chomh mór agus a d'éirigh leis iad a bhaint amach? (100)
2. Cén fáth ar fhréamhaigh an Liútarachas chomh láidir sin sa Ghearmáin? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag fionnachtain an Domhain Nua ar an Spáinn go ginearálta agus ar Sevilla go háirithe? (100)
4. Cad a chuir duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas leis an Athbheochan: Niccolò Machiavelli; Michelangelo Buonarroti; Pieter Breughel Seanóir? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
### Éiclips na Sean-Eorpa, 1609-1660

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a léirigh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas teacht chun cinn cumhachtaí nua: an tSualainn; an Ollainn; Moscóiv? (100)
2. Cén fáth a raibh ionadh ar an gCunta Olivares faoi éirí amach na gCatalónach agus cad iad na hiarmhairtí a bhain leis an éirí amach don Chatalóin agus don Spáinn? (100)
3. Cé chomh mór agus a bhí fíorchumhacht pholaitiúil ag Marie de Medici agus/nó ag Banríon Christina na Sualainne? (100)
4. Cad a chuir René Descartes agus/nó Galileo leis an léann san Eoraip? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
### An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór agus a leathnaigh Louis XIV teorainneacha na Fraince agus a rinne sé níos so-chosanta iad? (100)
2. Cén gnó ba mhó a bhí ag Comhlacht Sasanach na hIndia Thoir agus conas a mhéadaigh sé an tionchar agus an chumhacht a bhí aige sa bhaile agus i gcéin? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag Peadar Mór ar an Rúis? (100)
4. Conas a chuir Isaac Newton agus/nó Gottfried Wilhelm Leibnitz le dul chun cinn na heolaíochta? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

## Impireachtaí á mbunú, 1715-1775

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór agus a bhí an trádáil idirnáisiúnta i dtobac, i siúcra, agus i sclábhaithe ag brath ar na plandálacha sclábhaithe sna hIndiacha Thiar? (100)
2. Cad a chuir ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas le craobhscaoileadh idéanna: an *Encyclopédie*; an nuachtán; an salón? (100)
3. Conas a rinne cumhachtaí Eorpacha a n-airm a atheagrú agus neartú, 1715-1775? (100)
4. Cé chomh mór agus a bhí an *Boston Tea Party* mar phríomhchúis le tús na troda i Réabhlóid Mheiriceá? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

## Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tionchar a bhí ag an réabhlóid talmhaíochta agus ag an réabhlóid tionsclaíochta ar chathair Mhanchain? (100)
2. Cé chomh mór agus a chuir an Chéad agus an Dara hEastát sa Fhrainc leis an ngéarchéim a raibh deireadh an *Ancien Régime* mar thoradh uirthi? (100)
3. Cé chomh maith agus a d’éirigh le Coiste na Slándála Poiblí riail a choinneáil sa bhaile agus ionradh a chosc? (100)
4. Cad iad na leasuithe buana a thug Napoléon isteach sa Fhrainc agus san Eoraip? (100)

Leathanach Bán